Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/636

21.2.2024

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/636 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 13 Nollaig 2023**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) agus le hIarscríbhinní a ghabhann leis na bearta sin**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) Uimh. 1386/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 50(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí é an tAontas den Choinbhinsiún um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (Coinbhinsiún NAFO), arna fhormheas le Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle ([2]).

(2) Ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/833 chun bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe ('CEM') NAFO a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún ([3]) forlíonadh Rialachán (AE) 2019/833 le roinnt CEManna de chuid NAFO.

(4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/989 ón gCoimisiún ([4]) leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 le CEM NAFO a glacadh ag a chruinniú bliantúil in 2019.

(5) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/860 ón gCoimisiún ([5]) leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 le CEM NAFO a glacadh ag a chruinniú bliantúil in 2020.

(6) Le Rialachán (AE) 2021/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) leasaíodh Rialachán (AE) 2019/833 le CEM NAFO a glacadh ag a chruinnithe bliantúla in 2019 agus 2020.

(7) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1281 ón gCoimisiún ([7]) leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 le CEM NAFO a glacadh ag a chruinniú bliantúil in 2021.

---

([1]) IO L 141, 28.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/833/oj

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle an 28 Nollaig 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa IO L 378, 30.12.1978, lch. 1, (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1978/3179/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh IO L 34, 6.2.2020, lch. 1, (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/124/oj).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/989 ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2020 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO), agus le hIarscríbhinní a ghabhann leis na bearta sin IO L 221, 10.7.2020, lch. 5, (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/989/oj).

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/860 ón gCoimisiún an 23 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 a mhéid a bhaineann leis an Iarscríbhinn a ghabhann le bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) IO L 190, 31.5.2021 lch. 19, (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/860/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2021/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh IO L 274, 30.7.2021 lch. 32, (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1231/oj).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1281 ón gCoimisiún an 4 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh agus Iarscríbhinní áirithe a ghabhann leo (NAFO) IO L 195, 22.7.2022 lch. 21, (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/1281/oj).

(8) Le Rialachán (AE) 2022/2037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) leasaíodh Rialachán (AE) 2019/833 le CEM NAFO a glacadh ag a chruinniú bliantúil in 2021.

(9) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1090 ón gCoimisiún ([9]) leasaíodh Rialachán (AE) 2019/833 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 le bearta NAFO a glacadh ag a chruinniú bliantúil in 2022.

(10) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige i mí Mheán Fómhair 2023, leasaigh NAFO a CEM trí shíneadh a chur leis na tréimhsí coiscthe le haghaidh na n-éiceachóras muirí leochaileach atá ann faoi láthair agus athruithe a thabhairt isteach ar na rialacha a bhaineann leis na tréimhsí ama faoina bhféadfaidh na Ballstáit tuarascálacha ar thurais an bhreathnóra a chur isteach, mar aon le hathruithe ar liosta dhualgais na mbreathnóirí. Rinne NAFO formáid na dtuarascálacha ar thuras an bhreathnóra, formáidí na dtuarascálacha gabhála agus formáid thuarascáil laethúil an bhreathnóra a nuashonrú freisin.

(11) Ba cheart na hathruithe sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais freisin. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/833 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Go dtí an 31 Nollaig 2026, ní rachaidh aon soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i limistéir 1-14b mar a léirítear i bhFíor 5 de CEM dá dtagraítear i bpointe 18 den Iarscríbhinn agus mar a shainítear trí na comhordanáidí a shonraítear i dTábla 7 de CEM dá dtagraítear i bpointe 19 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a cheangal, ina n-ord uimhreach agus ar ais go comhordanáid 1.’

(b) scriostar mír 4.

(2) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) i mír 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) gan mhoill, an tuarascáil ar thuras an bhreathnóra dá dtagraítear i mír 11;’

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

‘11. Déanfaidh breathnóir a imscartar ar shoitheach na dualgais seo a leanas ar laghad:

(a) an tuarascáil ar thuras an bhreathnóra a leagtar amach in Iarscríbhinn II.M a ghabhann leis an CEM dá dtagraítear i bpointe 35 den Iarscríbhinn a líonadh isteach, agus é á thabhairt dá aire go ndéanfar an damáiste do na siorcanna ar leith a shampláiltear a íoslaghdú agus sonraí maidir leis an siorc beagcheannach á mbailiú;

(b) tuarascáil an lae roimhe, de réir ranna, a tharchur go laethúil roimh 12:00 AUL chuig LFI an Bhallstáit brataí, i gcomhréir le hIarscríbhinn II.G a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 36 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, bíodh an soitheach ag iascaireacht nó ná bíodh;

(c) aon neamhréireacht leis an Rialachán seo a thuairisciú gan mhoill don LFI agus aon chás lena gcuirfí bac ar an mbreathnóir a dhualgais a chomhlíonadh, lena gcuirfí imeagla air nó lena gcuirfí isteach air nó lena gcuirfí cosc air ar shlí eile a dhualgais a chomhlíonadh;

([8]) Rialachán (AE) 2022/2037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh IO L 275, 25.10.2022, lch. 11, (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2037/oj).

([9]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1090 an 24 Eanáir 2023 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe de bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) IO L 146, 6.6. 2023 lch. 3., (ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/1090/oj).

(d) faireachán a dhéanamh ar lipéadú táirgí an tsoithigh, ar a logleabhar táirgthe, agus ar a plean stuála de réir na gceanglas a bhunaítear in Airteagail 24 agus 25, agus aon neamhréireacht a sainaithníodh a thuairisciú sa tuarascáil ar thuras an bhreathnóra;

(e) aon bhriseadh nó cur isteach ar VMS arna bhreathnú a thaifeadadh;

(f) an fhaisnéis in Iarscríbhinn II.M a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 35 den Iarscríbhinn a chur faoi bhráid an LFI agus Stát an chalafoirt trí mhodh leictreonach a luaithe is féidir tar éis an Limistéar Rialála a fhágáil agus ar a dhéanaí ar theacht i dtír don soitheach sa chalafort ina dtugtar i dtír;

(g) iad féin a chur ar fáil do chigirí ar muir, nó sa chalafort ar theacht isteach don soitheach, chun faisnéis a sholáthar a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an tsoithigh;

(h) taifid mhionsonraithe a choinneáil, lena n-áirítear íomhánna agus fís-sleachta ábhartha, ar aon chúinse agus faisnéis a bhaineann le haon teagmhas neamhréireacha leis an Rialachán seo, lena dtarchur chuig an LFI a luaithe is féidir, agus, ar a dhéanaí, ar theacht isteach don soitheach sa chalafort ina dtugtar i dtír'.

(c) i mír 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) cibé comhar agus cúnamh is gá a thabhairt don bhreathnóir chun go mbeidh sé nó sí in ann a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear cibé rochtain is gá a thabhairt don bhreathnóir ar an ngabháil a choinnítear ar bord agus ar ábhar muirí aischurtha agus ar na doiciméid maidir le clárú gabhálacha (e.g. logleabhar iascaireachta, logleabhar táirgthe, plean stuála);'

(d) i mír 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) go pearsanta nó trína ngníomhairí, a bhfostaithe, nó a mbaill foirne, staonadh ó bhac a chur ar bhreathnóir nó é nó í a imeaglú, ó chur isteach air nó uirthi, ó thionchar a imirt air nó uirthi, ó bhreab a thabhairt dó nó di nó iarracht a dhéanamh breab a thabhairt dó nó di nó óna shábháilteacht nó a sábháilteacht a chur i mbaol agus a dhualgais nó a dualgais á gcomhlíonadh aige nó aici;'

(e) i mír 12, cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

'(g) rochtain neamhspleách gan bhac ar an idirlíon a thabhairt don bhreathnóir i gcónaí, ach amháin má tá gléas cumarsáide satailíte dhá threo atá ag feidhmiú go hiomlán ar fáil ag an mbreathnóir'.

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 3ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Nollaig 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal phointe 3:


‘Cuid VI d’Iarscríbhinn I.E a ghabhann leis an CEM dá dtagraítear i bpointe 21 d’Airteagal 3, in Airteagal 21(2) agus i bpointe (a) d’Airteagal 27(11)’

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Phointe 18:

**‘Fíor 5**

**de CEM dá dtagraítear in Airteagal 18(3) de Rialachán (AE) 2019/833:**

Polagáin lena marcáiltear Cosc na Limistéar Éiceachóras Leochaileach Muirí




*Eochair Eolais:*

Limistéir a bhfuil cosc ar iascaireacht ghrinnill iontu go dtí an 31 Nollaig 2026

Ranna NAFO

Teorainn EEZ

Comhrian doimhneachta’

(3) I bPointe 19, cuirtear isteach na rónna 7a, 11a, 14a agus 14b seo a leanas i ndiaidh rónna 7, 11 agus 14 faoi seach:

| | Cur síos | Uimh. chomhordanáide | Domhanleithead | Domhanfhad |
|---|---|---|---|---|
| 7a | An Chaidhp Phléimeannach Thuaidh | 7a.1 | 48° 25′ 02.28″ T | 45° 17′ 16.44″ I |
| | | 7a.2 | 48° 25′ 02.28″ T | 44° 54′ 38.16″ I |
| | | 7a.3 | 48° 19′ 08.76″ T | 44° 54′ 38.16″ I |
| | | 7a.4 | 48° 18′ 06.84″ T | 44° 44′ 22.81″ I |
| | | 7a.5 | 48° 08′ 18.42″ T | 44° 23′ 10.57″ I |
| | | 7a.6 | 48° 10′ 08.98″ T | 44° 15′ 54.97″ I |
| | | 7a.7 | 48° 19′ 30.47″ T | 44° 26′ 38.40″ I |
| | | 7a.8 | 48° 24′ 57.13″ T | 44° 37′ 58.40″ I |
| | | 7a.9 | 48° 26′ 21.37″ T | 44° 54′ 34.60″ I |
| | | 7a.10 | 48° 27′ 52.20″ T | 45° 17′ 19.25″ I |
| 11a | An Chaidhp Phléimeannach Thiar Thuaidh | 11a.1 | 47° 27′ 36.29″ T | 46° 21′ 23.69″ I |
| | | 11a.2 | 47° 30′ 01.44″ T | 46° 21′ 23.76″ I |
| | | 11a.3 | 47° 30′ 01.44″ T | 46° 27′ 33.12″ I |
| | | 11a.4 | 47° 37′ 38.86″ T | 46° 16′ 31.12″ I |
| | | 11a.5 | 47° 34′ 39.61″ T | 46° 12′ 03.92″ I |
| | | 11a.6 | 47° 32′ 28.90″ T | 46° 16′ 26.58″ I |
| | | 11a.7 | 47° 32′ 10.00″ T | 46° 14′ 29.87″ I |
| | | 11a.8 | 47° 28′ 27.80″ T | 46° 16′ 05.74″ I |
| 14a | An Chaidhp Phléimeannach Thiar Thuaidh | 14a.1 | 47° 45′ 24.44″ T | 44° 03′ 06.44″ I |
| | | 14a.2 | 47° 47′ 54.35″ T | 44° 03′ 06.44″ I |
| | | 14a.3 | 47° 50′ 11.33″ T | 44° 03′ 34.49″ I |
| | | 14a.4 | 47° 50′ 10.86″ T | 43° 58′ 28.99″ I |
| | | 14a.5 | 47° 47′ 54.35″ T | 43° 59′ 23.39″ I |
| | | 14a.6 | 47° 45′ 55.19″ T | 43° 58′ 08.94″ I |
| | | 14a.7 | 47° 44′ 44.59″ T | 44° 02′ 41.50″ I |

| | Cur síos | Uimh. chomhordanáide | Domhanleithead | Domhanfhad |
|---|---|---|---|---|
| 14b | An Chaidhp Phléimeannach Thiar Thuaidh | 14b.1 | 47° 35′ 21.77″ T | 43° 56′ 50.10″ I |
| | | 14b.2 | 47° 37′ 33.53″ T | 43° 52′ 56.50″ I |
| | | 14b.3 | 47° 30′ 04.79″ T | 43° 48′ 18.54″ I |
| | | 14b.4 | 47° 27′ 34.88″ T | 43° 48′ 18.54″ I |
| | | 14b.5 | 47° 27′ 34.88″ T | 43° 52′ 00.34″ I |

(4) I bpointe 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla i roinn C maidir leis an bhformáid chun faisnéis faireacháin iascaigh a mhalartú go leictreonach (Formáid an Atlantaigh Thuaidh):

‘C. **Formáid chun faisnéis faireacháin iascaigh a mhalartú go leictreonach**

**(Formáid an Atlantaigh Thuaidh)**

| Catagóir | Gné Sonraí | Cód Réimse | Cineál | Ábhar | Sainmhínithe |
|---|---|---|---|---|---|
| Córas | Tús an Taifid | SR | | | Lena léirítear tús an taifid |
| Sonraí | Deireadh an Taifid | ER | | | Lena léirítear deireadh an taifid |
| | Stádas fillte | RS | Char*3 | Cóid | ACK/NAK = Admhaíodh/Níor admhaíodh |
| | Uimhir Earráide Fillte | RE | Num*3 | 001 – 999 | Cóid lena léirítear earráidí mar a fuarthas iad ag an ionad oibríochta, féach Iarscríbhinn II.D.D(2) |
| Teachtaireacht | Seoladh ceann scríbe | AD | Char*3 | Seoladh ISO-3166 | Seoladh an pháirtí a fuair an teachtaireacht, ‘XNW’ le haghaidh NAFO |
| Sonraí | Ó | FR | Char*3 | Seoladh ISO-3166 | Seoladh an pháirtí tarchuir, (Páirtí Conarthach) |
| | Cineál Teachtaireachta | TM | Char*3 | Cód | Cód an chineáil teachtaireachta |
| | Sraithuimhir | SQ | Num*6 | NNNNNN | Sraithuimhir na dteachtaireachtaí a seoladh ó shoitheach chuig an gceann scríbe deiridh (XNW). Tá sí uathúil maidir le gach soitheach ar feadh bliain féilire. Ag tús na bliana reatha, déanfar an luach seo a athshocrú go 1 maidir le gach soitheach agus incriminteofar é de réir mar a sheolfar gach teachtaireacht. |
| | Uimhir Thaifid | RN | Num*6 | NNNNNN | Sraithuimhir na dteachtaireachtaí a seoladh ó LFI chuig XNW. Tá sí uathúil maidir le gach LFI ar feadh bliain féilire. Ag tús na bliana reatha, déanfar an luach seo a athshocrú go 1 agus athróidh sé de réir mar a sheolfar gach taifead. |

| Catagóir | Gné Sonraí | Cód Réimse | Cineál | Ábhar | Sainmhínithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Dáta an Taifid | RD | Num*8 | BBBBMMLL | Bliain, mí agus lá in AUL ón LFI |
| | Am an Taifid | RT | Num*4 | UUNN | Uaireanta agus nóiméid in AUL ón LFI |
| | Dáta | DA | Num*8 | BBBBMMLL | Bliain, mí agus lá in AUL an chéad tarchuir. I gcásanna gur ón LFI a tharchuirfear teachtaireachtaí RET den chéad uair, is ón soitheach a tharchuirfear na teachtaireachtaí den chéad uair i ngach cás eile. |
| | An t-am | TI | Num*4 | UUNN | Uaireanta agus nóiméid in AUL an chéad tarchuir. I gcásanna gur ón LFI a tharchuirfear teachtaireachtaí RET den chéad uair, is ón soitheach a tharchuirfear na teachtaireachtaí den chéad uair i ngach cás eile. |
| | Tuarascáil arna cur ar ceal | CR | Num*6 | NNNNNN | Uimhir Thaifid an taifid atá le cur ar ceal |
| | Bliain na tuarascála arna cur ar ceal | YR | Num*4 | NNNN | Bliain in AUL na tuarascála arna cur ar ceal |
| Soitheach | Comhartha Aitheantais Raidió | RC | Char*7 | Cód IRCS | Comhartha Aitheantais Raidió Idirnáisiúnta an tsoithigh |
| Clárú | Ainm an tsoithigh | NA | Char*30 | | Ainm an tsoithigh |
| Sonraí | Clárú seachtrach | XR | Char*14 | | Uimhir thaobh an tsoithigh |
| | Stát Brataí | FS | Char*3 | ISO-3166 | Staid an chlárúcháin |
| | Uimhir thagartha inmheánach an Pháirtí Chonarthaigh | IR | Char*3<br>Num*9 | ISO-3166 + 9N ar a mhéad | Uimhir uathúil soithigh arna sannadh ag an mBratstát i gcomhréir leis an gclárúchán |
| | Ainm an Chalafoirt | PO | Char*20 | | Calafort clárúcháin an tsoithigh/calafort baile |
| | Úinéir an tsoithigh | VO | Char*60 | | Ainm agus seoladh úinéir an tsoithigh |
| | Cairtfhostóir an tSoithigh | VC | Char*60 | | Ainm agus seoladh chairtfhostóir an tsoithigh |
| Uimhir IMO an tSoithigh | Uimhir IMO | IM | Num*7 | NNNNNNN | Uimhir aitheantais loinge IMO |
| Carachtar an tSoithigh. Sonraí | Aonad Tonnáiste an tSoithigh | VT | Char*2<br>Num*4 | 'OC'/'LC'<br>Tonnáiste | De réir: 'OC' Coinbhinsiún OSLÓ 1947/'LC' ICTM-69 LONDAIN |
| | Cumhacht an tSoithigh Aonad | VP | Char*2<br>Num*5 | 0-99999 | Cumhacht iomlán an phríomhinnill ina 'KW' |
| | Fad an tSoithigh | VL | Char*2<br>Num*3 | 'OA'<br>Fad ina mhéadair | Fad foriomlán an aonaid 'OA'.<br>Fad iomlán an tsoithigh ina mhéadair, arna shlánú go dtí an méadar iomlán is gaire |

| Catagóir | Gné Sonraí | Cód Réimse | Cineál | Ábhar | Sainmhínithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | An Cineál Soithigh | TP | Char*3 | Cód | Mar a liostaítear in Iarscríbhinn II.I |
| | Trealamh Iascaireachta | GE | Char*3 | Cód FAO | Aicmiú Idirnáisiúnta Caighdeánach Staidrimh ar Threalamh Iascaireachta mar Iarscríbhinn II.J |
| Mionsonraí an údaraithe | Dáta Tosaigh | SD | Num*8 | BBBBMMLL | Mionsonra ceadúnais; an dáta a chuirfear tús leis an údarú |
| | Dáta Deiridh | ED | Num*8 | BBBBMMLL | Mionsonra ceadúnais; an dáta a chuirfear deireadh leis an údarú |
| | Spriocspeicis agus Limistéar | TA | Char*3<br>Char*10 | Sonraíochtaí stoic,<br>Cód Speicis FAO agus cód limistéir sainithe NAFO nó 'ANY' | Speiceas agus limistéar a cheadaítear le haghaidh iascach spriocdhírithe. Ní mór do speicis rialáilte Iarscríbhinn I.A nó I.B tagairt don tsonraíocht stoic. Le haghaidh speicis neamhrialáilte úsáid Folimistéar nó Foroinn nó "ANY". Déan foráil maidir le roinnt péirí réimsí. Mar shampla//TA/GHL 3LMNO COD 3M RED 3LN RED 3M HER ANY// |
| Gníomhaíocht Sonraí | Domhanleithead | LA | Char*5 | NLLMM (WGS-84) | mar shampla//LA/N6235 = 62°35′ Thuaidh |
| | Domhanfhad | LO | Char*6 | E/WDDDMM (WGS-84) | mar shampla//LO/W02134 = 21°34′ Thiar |
| | Domhanleithead (deachúil) | LT | Char*7 | +/-DD.ddd | Luach diúltach má tá an domhanleithead sa leathsféar theas (1) (WGS84) |
| | Domhanfhad (deachúil) | LG | Char*8 | +/-DDD.ddd | Luach diúltach má tá an domhanfhad sa leathsféar thiar (1) (WGS84) |
| | Uimhir an Turais | TN | Num*3 | 001-999 | Uimhir an turais iascaireachta sa bhliain reatha |
| | Gabháil<br>Speiceas<br>Cainníocht | CA | Char*3<br>Num*7 | Cód speicis FAO<br>0-9999999 | Gabháil laethúil de réir speicis agus Ranna, arna coinneáil ar bord, ina cileagraim bheomheáchain |
| | Cainníocht ar bord<br>Speiceas<br>Cainníocht | OB | Char*3<br>Num*7 | Cód speicis FAO<br>0-9999999 | Cainníocht iomlán de réir speicis ar bord an tsoithigh tráth seolta na teachtaireachta fógartha lena mbaineann ina cileagraim bheomheáchain |
| | Speicis arna n-aischur<br>Cainníocht | RJ | Char*3<br>Num*7 | Cód speicis FAO<br>0 – 9999999 | Gabháil aischurtha de réir speicis agus Ranna ina cileagraim bheomheáchain |
| | Róbheag<br>Speiceas<br>Cainníocht | US | Char*3<br>Num*7 | Cód speicis FAO<br>0-9999999 | Gabháil iasc róbheag de réir speicis agus Ranna ina cileagraim bheomheáchain |

| Catagóir | Gné Sonraí | Cód Réimse | Cineál | Ábhar | Sainmhínithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Speicis aistrithe<br>Speiceas<br>Cainníocht | KG | Char*3<br>Num*7 | Cód speicis FAO<br>0-9999999 | Faisnéis maidir leis na cainníochtaí a aistrítear idir soithí de réir speicis ina gcileagraim bheomheáchain arna slánú go dtí an 100 Kg is gaire agus iad ag oibriú san R.A. |
| | Limistéar Ábhartha | RA | Char*6 | Cóid ICES/NAFO | Cód le haghaidh an limistéir ábhartha iascaireachta |
| | Speiceas Dírithe | DS | Char*3 | Cód speicis FAO | Cód le haghaidh an speicis a bhfuil an soitheach dírithe air de réir Airteagal 5.2. Déan foráil maidir le roinnt speiceas, arna scaradh le spás.<br>mar shampla//DS/speiceas speiceas speiceas// |
| | Breathnóir ar bord | OO | Char*1 | Tá nó Níl | Breathnóir comhlíontachta a bheith ar bord |
| | Trasloingsithe ó | TF | Char*7 | Cód IRCS | Comhartha Aitheantais Raidió Idirnáisiúnta an tsoithigh deontóra |
| | Trasloingsithe go | TT | Char*7 | Cód IRCS | Comhartha Aitheantais Raidió Idirnáisiúnta an tsoithigh glactha |
| | Ainm an Mháistir | MA | Char*30 | | Ainm mháistir an tsoithigh |
| | Stát cósta | CS | Char*3 | ISO-3166<br>Cód 3-Alfa | Stát Cósta an Chalafoirt ina dTugtar i dTír |
| | Dáta tuartha | PD | Num*8 | BBBBMMLL | Dáta measta AUL ar a bhfuil sé beartaithe ag an máistir a bheith i gcalafort |
| | Am tuartha | PT | Num*4 | UUNN | Am measta AUL ar a bhfuil sé beartaithe ag an máistir a bheith i gcalafort |
| | Ainm an Chalafoirt | PO | Char*20 | | Ainm an chalafoirt iarbhír ina dtugtar i dtír |
| | Luas | SP | Num*3 | Muirmhíle*10 | mar shampla//SP/105 = 10,5 muirmhíle |
| | Cúrsa | CO | Num*3 | Scála céime 360° | mar shampla//CO/270 = 270 |
| | Gabhálacha faoi Bhratach Chairtfhostaithe | CH | Char*3 | ISO-3166 | Bratach an Pháirtí Chonarthaigh um Chairtfhostú |
| | Limistéar Iontrála | AE | Char*6 | Cóid ICES/NAFO | Roinn NAFO a bhfuiltear ag dul isteach ann |
| | Laethanta iascaireachta | DF | Num*3 | 1-365 | Líon na laethanta a chaith an soitheach sa limistéar iascaireachta le linn an turais. |
| | Neamhchomhlíontacht féideartha le CEM | AF | Char*1 | Tá nó Níl | Ionas go mbeidh breathnóir ar bord in ann a chuid barúlacha a thuairisciú |
| | Mogallmhéid | ME | Num*3 | 0 – 999 | Meán-mhogallmhéid ina milliméadair |

| Catagóir | Gné Sonraí | Cód Réimse | Cineál | Ábhar | Sainmhínithe |
|---|---|---|---|---|---|
| | Logleabhar | LB | Char*1 | Tá nó Níl | Ionas go mbeidh breathnóir ar bord in ann na hiontrálacha i logleabhar an tsoithigh a dheimhniú |
| | Fógairtí | HA | Char*1 | Tá nó Níl | Ionas go mbeidh breathnóir ar bord in ann na fógairtí a seoladh ón soitheach a dheimhniú |
| | Ainm an Bhreathnóra | ON | Char*30 | Téacs | Ainm an bhreathnóra ar bord |
| | Téacs Saor | MS | Char*255 | Téacs | Mionsonra gníomhaíochta; le haghaidh tuilleadh barúlacha ón mbreathnóir’ |

([1]) Ní gá an comhartha móide (+) a tharchur; is féidir aon nialas tosaigh a fhágáil ar lár.

(5) I bpointe 35, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an Teimpléid le haghaidh Tuarascáil Chaighdeánaithe Breathnóra:

‘Teimpléad le haghaidh Tuarascáil Chaighdeánaithe Breathnóra

1.1. **Iarscríbhinn II.M Faisnéis Chaighdeánaithe na Tuarascála ar Thuras an Bhreathnóra**

**Cuid 1. A**

**Soitheach Iascaireachta — Faisnéis maidir le Turas Iascaireachta agus Breathnóirí**

| Faisnéis faoin soitheach iascaireachta | |
|---|---|
| Ainm an tSoithigh | |
| Comhartha Aitheantais Raidió an tsoithigh | |
| Stát Brataí | |
| Uimhir IMO an tsoithigh | |
| Toilleadh Iomlán Reoite an Bhoilg ($m^3$) | |
| Toilleadh Mine Éisc an Bhoilg ($m^3$) | |
| Toilleadh Eile an Bhoilg ($m^3$) | |

| Faisnéis faoin turas | |
|---|---|
| Ainm an Mháistir Iascaireachta | |
| Speiceas Dírithe | |
| Dáta dul isteach san NRA (ENT) | |
| Dáta imeachta ón NRA (EXI) | |
| Ranna NAFO ar tugadh cuairt orthu | |
| Limistéir eile ar tugadh cuairt orthu | |
| Trasloingsiú | |
| Calafort ina dTugtar i dTír | |

| Faisnéis faoin mbreathnóir | |
|---|---|
| Ainm an bhreathnóra | |
| Dáta Tosaithe na Breathnóireachta | |
| Dáta Críochnaithe na Breathnóireachta | |
| Dáta an Tuarascála | |

| Nótaí |
|---|
| |

**Cuid 1.B**

**Faisnéis faoi Threalamh Iascaireachta**

**Trealamh Tráil**

| Uimhir an Trealaimh | An Cineál Trealaimh | Déanamh an Trealaimh | Mogallmhéid (mm) | | | | | | | | | | | | | | Ceangaltáin | Spásáil sa Ghráta | Strapaí (Tabhair tuairisc air) | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Eiteoga | | | Cabhail | | | Píosa fadaithe | | | Soc-fhoirceann | | | Arna thomhas ag breathnóir/cigire/máistir | Dáta tomhais | | | | |
| | | | Ard | Íseal | Meán | Ard | Íseal | Meán | Ard | Íseal | Meán | Ard | Íseal | Meán | | | | | | |
| 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

**Spiléar**

| Uimhir an Trealaimh | An Cineál Trealaimh | Fad Iomlán | Duáin | | | Méid an duáin | Baoithe | Ancairí | Ábhar na príomhlíne | Ábhar líne an bhaoite | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Uimhir | Meánspásáil (m) | An cineál duáin | | Arna mharcáil tá/níl | Uimhir | | | |
| 1 | | | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | | | |
| … | | | | | | | | | | | |

**Cuid 2.**

**Faisnéis faoi ghabhálacha agus iarracht de réir na hoibríochta iascaireachta**

| Tarraingt/Tacar | Uimhir an Trealaimh | Tús le Tacar an Trealaimh ([1]) | | | | | | Deireadh le Tacar an Trealaimh ([2]) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | NAFO Roinn | Domhanleithead (deachúil) | Domhanfhad (deachúil) | Doimhneacht (m) | Am (AUL) (UUNN) | Dáta (BBBBMMLL) | NAFO Roinn | Domhanleithead (deachúil) | Domhanfhad (deachúil) | Doimhneacht (m) | Am (AUL) (UUNN) | Dáta (BBBBMMLL) |
| 1 | | | | | | | | | | | | | |
| 2 | | | | | | | | | | | | | |
| 3 | | | | | | | | | | | | | |
| … | | | | | | | | | | | | | |

([1]) Sonraí ag an am a théann an trealamh isteach san uisce den chéad uair.
([2]) Sonraí tráth a mbíonn an trealamh tacartha go hiomlán.

| Tús na hAisghabhála Trealaimh ([1]) | | | | | | Deireadh na hAisghabhála Trealaimh ([2]) | | | | | | Fad ([3]) | Speiceas (Cód speicis FAO 3-alfa ([4])) | Speiceas Dírithe (tá nó níl) | Foirm an Táirge | Meastacháin an Bhreathnóra | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| NAFO Roinn | Domhanleithead (deachúil) | Domhanfhad (deachúil) | Doimhneacht (m) | Am (AUL) (UUNN) | Dáta (BBBBMMLL) | NAFO Roinn | Domhanleithead (deachúil) | Domhanfhad (deachúil) | Doimhneacht (m) | Am (AUL) (UUNN) | Dáta (BBBBMMLL) | | | | | Fachtóir coinbhéartachta arna Úsáid ag an mBreathnóir | Gabháil a choinnítear (kg de réir beomheáchain) | Gabháil a aischuirtear (kg de réir beomheáchain) | Gabháil iasc róbheag (kg de réir beomheáchain) | Oibríocht Iascaireachta Bhreathnaithe (Tá/Níl) |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

([1]) Sonraí ag an am a chuirtear tús le haisghabháil trealaimh.
([2]) Sonraí ag an am a bhíonn trealamh aisghafa go hiomlán agus ar bord soithigh.
([3]) Uaireanta deachúla. I gcás an iascaigh tráil, an t-am ó chríochnaítear an tacar go haisghabháil trealaimh. In aon chás eile, an t-am ó thús thacar an trealaimh go deireadh na haisghabhála.
([4]) Lena n-áirítear táscairí VMEnna.

| Logleabhar Iascaireachta | | | Logleabhar Táirgthe Soithí | Neamh-chomhlíontacht fhéideartha leis an CEM (tá/níl) | Mionsonraí Neamhchomhlíontachta Féideartha | Nótaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Fachtóir coinbhéartachta arna Úsáid ag an Soitheach | Gabháil a choinnítear (kg de réir beomheáchain) | Gabháil a aischuirtear (kg de réir beomheáchain) | Gabháil a choinnítear (kg) | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |
| | | | | | | |

**Cuid 3.**

**Barúlacha ón Turas**

| Barúlacha | Tá/Níl | Sonraí |
|---|---|---|
| Aon chás ina gcuirfí bac ar an mbreathnóir, ina gcuirfí imeagla air nó uirthi, ina gcuirfí isteach air nó uirthi nó ina gcuirfí cosc air nó uirthi ar shlí eile a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh. | | |
| Achoimre ar neamhchomhlíontacht fhéideartha leis an CEM (cuir isteach tagairtí) | | |
| Feidhmiú an ghairis rianaithe satailíte (tuairiscigh gach cás de bhriseadh, cur isteach agus mífheidhmiú) | | |
| Trasloingsithe (tuairiscigh iad ar fad) | | |
| Cigireachtaí ar Muir (tuairiscigh dátaí, amanna agus aon bharúil eile) | | |
| Aon bharúil eile | | |

**Cuid 4.**

**Achoimre ar Iarracht agus Gabhálacha** ([1])

4A. **Achoimre ar an iarracht**

| Tábla Achomair maidir leis an iarracht | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Roinn NAFO | An Cineál Trealaimh | Speiceas Dírithe (*) | Dáta | | Líon na dtarraingtí/na dtacar | Doimhneacht (m) | | Uaireanta an chloig iascaireachta (**) | Laethanta iascaireachta (***) |
| | | | Tús | Deireadh | | Íosmhéid | Uasmhéid | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | |

(*) De réir Airteagal 5.2 CEM
(**) I gcás an iascaigh tráil, is éard atá in am iascaireachta an t-am ó chríochnaítear an tacar go haisghabháil trealaimh. In aon chás eile, is éard atá in am iascaireachta an t-am ó thús thacar an trealaimh go deireadh na haisghabhála. Aga tarlaithe achoimrithe i gcás gach tarlú sa roinn liostaithe, de réir an chineáil trealaimh agus an speicis dhírithe
(***) De réir Airteagal 1.6 CEM

([1]) Bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear i gCuid 2

| Nótaí | |
|---|---|
| 1 | Maidir le gníomhaíocht iascaireachta de réir Roinne |
| 2 | Maidir le Tarchur Sonraí |
| 3 | Maidir le Mogallmhéideanna |
| 4 | Saincheisteanna eile |

4B. **Achoimre ar Ghabhálacha**

| Achoimre ar Ghabhálacha an Turais (gabhálacha de réir Roinne agus Speicis) | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Meastacháin an Bhreathnóra** | | | **Arna Thaifead sa Logleabhar Iascaireachta** | | |
| **Speiceas (Cód speicis FAO 3-alfa)** | **Roinn** | **Gabháil a choinnítear (kg de réir beomheá-chain)** | **Gabháil a aischuirtear (kg de réir beomheá-chain)** | **Iomlán (kg de réir beomheá-chain)** | **Gabháil a choinnítear (kg de réir beomheá-chain)** | **Gabháil a aischuirtear (kg de réir beomheá-chain)** | **Iomlán (kg de réir beomheá-chain)** |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| **Iomlán** | | | | | | | |

| Nótaí | |
|---|---|
| 1 | Maidir le comhdhéanamh na gabhála agus na méideanna |
| 2 | Maidir le neamhréireachtaí le hiontrálacha sa logleabhar iascaireachta |
| 3 | Maidir le hábhar aischurtha |
| 4 | Saincheisteanna eile |

4C. **Meánmheáchan in aghaidh an aonaid a fhíorú**

| **Dáta** | **Líon na n-aonad a sampláladh** | **Speiceas** | **Foirm an Táirge** | **Meánmheáchan an táirge in aghaidh an aonaid (kg)** | **Meáchan in aghaidh an aonaid arna léiriú ar an lipéad (kg)** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |

4D. **Lipéadú a fhíorú**

| Dáta | Líon na n-aonad a fíoraíodh | Líon na n-aonad a bhféadfadh lipéadaíocht neamhchomhlíontach a bheith orthu | Tuairisc ar an lipéadú maidir le neamhchomhlíontacht fhéideartha |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**Cuid 5.**

**Sonraí maidir le gach Siorc Beagcheannach a Ghabhtar in aghaidh na hOibríochta Iascaireachta** [2]

| Uimhir Tharraingthe/Thacair | Líon Iomlán Siorcanna Beagcheannacha sa Tarraingt/Tacar | Uimhir an tSiorca | Meáchan Measta (kg de réir beomheáchain) | Fad Iomlán (cm, ó bharr an tsoic go dtí barr na heite eireabaill) | Fad arna Thomhas (M) nó arna Mheas (E)? | Fad go Gabhal an Eireabaill (cm) | Fad arna Thomhas (M) nó arna Mheas (E)? | Gnéas agus Aibíocht [1] | Staid na Gabhála [2] | Grianghraf-Tá/-Níl | Barúlacha, i mBéarla a mhéid is féidir |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | | |

([1]) Bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraítear i gCuid 2
([2]) Déanfar sonraí a bhailiú maidir leis an siorc beagcheannach lena n-íoslaghdófar an damáiste do na siorcanna ar leith a shampláiltear.

([2]) Déanfar sonraí a bhailiú maidir leis an siorc beagcheannach lena n-íoslaghdófar an damáiste do na siorcanna ar leith a shampláiltear.

**Cuid 6.**

**Foirm maidir le Minicíocht Faid** ([3])

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **Bliain** | | | | | |
| **Mí** | | | | | |
| **Lá** | | | | | |
| **Uimhir an Trealaimh** | | | | | |
| **Uimhir Tharraingthe/Thacair** | | | | | |
| **Cód 3-alfa an speicis** | | | | | |
| **Meáchan na gabhála (kg de réir beomheáchain)** | | | | | |
| **Cineál Sampla (ábhar muirí aischurtha, gabháil a choinnítear, meascán)** | | | | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Meáchan samplach ina kg de réir beomheáchain** | | | | | |
| **Méid Íosta** | | | | | |
| **Méid Uasta** | | | | | |
| **Gnéas** | | | | | |
| **Líon Iomlán na Samplaí (n=)** | | | | | |
| **Gnás maidir le Tomhas (TL, SL, FL, etc.)** | | | | | |
| **Cineál Tomhais** | | | | | |
| **Aonad (mm nó cm)** | | | | | |
| **Nótaí** | | | | | |

| Méid idir | Uimhir | Uimhir | Uimhir | Uimhir | Uimhir |
|---|---|---|---|---|---|
| 9,5-9,99 | | | | | |
| 10,0-10,49 | | | | | |
| 10,5-10,99 | | | | | |
| 11,0-11,49 | | | | | |
| 11,5-11,99 | | | | | |
| 12,0-12,49 | | | | | |

([3]) Le líonadh isteach ar bhonn treoracha maidir le bailiú sonraí eolaíocha

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 12,5-12,99 | | | | | |
| … | | | | | |
| … | | | | | |
| … | | | | | |
| 97,0-97,49 | | | | | |
| 97,5-97,99 | | | | | |
| 98,0-98,49 | | | | | |
| 98,5-98,99 | | | | | |
| 99,0-99,49 | | | | | |
| 99,5-99,99 | | | | | |
| 100,0-100,49 | | | | | |
| …’ | | | | | |

(6) I bpointe 36,

a). Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Tuarascáil in Iarscríbhinn II.G a ghabhann leis an CEM a tharchuireann an breathnóir go laethúil dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 27(11);’

b). Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla ar fhormáid Thuarascáil an Bhreathnóra:

1.2. **Tuarascáil an bhreathnóra**

| Gné Sonraí | Cód | Éigeantach/ Roghnach | Ceanglais maidir leis an réimse |
|---|---|---|---|
| Tús an taifid | SR | M | Mionsonra córais; lena n-áirítear tús an taifid |
| Seoladh | AD | M | Mionsonra teachtaireachta; ceann scríbe, ‘**XNW**’ le haghaidh NAFO |
| Sraithuimhir | SQ | M | Mionsonra teachtaireachta; sraithuimhir na teachtaireachta sa bhliain reatha |
| Cineál Teachtaireachta | TM | M | Mionsonra teachtaireachta; cineál na teachtaireachta, ‘**OBR**’ mar Thuarascáil an bhreathnóra |
| Comhartha aitheantais raidió | RC | M | Mionsonra clárúcháin soithigh; comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió an tsoithigh |
| Trealamh Iascaireachta | GE | M ([1]) | Mionsonra gníomhaíochta; cód FAO le haghaidh trealamh iascaireachta |
| Speiceas Dírithe | DS | M ([1]) | Mionsonra gníomhaíochta; cód speicis FAO le haghaidh gach speicis spriocdhírithe ó bhí an tuarascáil dheireanach OBR ann |
| Mogallmhéid | ME | M ([1]) | Mionsonra gníomhaíochta; meán-mhogallmhéid ina milliméadair |
| Limistéar Ábhartha | RA | M | Mionsonra gníomhaíochta; Roinn NAFO |
| Gabhálacha Laethúla<br>speiceas<br>beomheáchan | CA | M<br>M | Mionsonra gníomhaíochta; gabháil arna coinneáil ar bord de réir speicis agus Ranna ón tuarascáil dheireanach OBR ina cileagraim arna slánú go dtí an 100 cileagram is gaire. Déan foráil maidir le roinnt péirí réimsí, ina bhfuil speicis (cóid FAO 3-alfa) + beomheáchan ina chileagraim (go dtí 9 ndigit), agus spás idir gach réimse, e.g. |

| Gné Sonraí | Cód | Éigeantach/ Roghnach | Ceanglais maidir leis an réimse |
|---|---|---|---|
| | | | //CA/ speiceasspásmeáchanspásspeiceasspásmeáchanspás-speiceasspásmeáchan// |
| Aischur speiceas beomheáchan | RJ | M (1) | Mionsonra gníomhaíochta; Gabháil arna haischur de réir speicis agus Ranna ón tuarascáil dheireanach OBR, ina kg arna slánú go dtí an 100 kg is gaire. Déan foráil maidir le roinnt péirí réimsí, ina bhfuil speicis (cóid FAO 3-alfa) + beomheáchan ina chileagraim (go dtí 9 ndigit), agus spás idir gach réimse, e.g. //RJ/ speiceasspásmeáchanspásspeiceasspásmeáchanspás-speiceasspásmeáchan// |
| Róbheag (6) speiceas beomheáchan | US | M (1) | Mionsonra gníomhaíochta; Gabháil iasc róbheag de réir speicis agus Ranna ón tuarascáil dheireanach OBR, ina kg arna slánú go dtí an 100 kg is gaire. Déan foráil maidir le roinnt péirí réimsí, ina bhfuil speicis (cóid FAO 3-alfa) + beomheáchan ina chileagraim (go dtí 9 ndigit), agus spás idir gach réimse, e.g. //US/ speiceasspásmeáchanspásspeiceasspásmeáchanspás-speiceasspásmeáchan// |
| Logleabhar | LB | M | Mionsonra gníomhaíochta; 'Tá' nó 'Níl' (2) |
| Fógairtí | HA | M | Mionsonra gníomhaíochta; 'Tá' nó 'Níl' (3) |
| Neamhchomhlíontacht fhéideartha | AF | M | Mionsonra gníomhaíochta; 'Tá' nó 'Níl' (4) |
| Ainm an Bhreathnóra | ON | M | Mionsonra teachtaireachta; ainm an bhreathnóra a shíníonn an tuarascáil |
| Dáta | DA | M | Mionsonra teachtaireachta; dáta tarchurtha na tuarascála seo |
| Téacs Saor | MS | O (5) | Mionsonra gníomhaíochta; le haghaidh tuilleadh barúlacha ón mbreathnóir |
| An t-am | TI | M | Mionsonra teachtaireachta; am tarchurtha na tuarascála seo |
| Deireadh an taifid | ER | M | Mionsonra córais; lena n-áirítear deireadh an taifid |

(1) Ní bheidh sé le tarchur ach amháin más ábhartha.
(2) 'Tá' má dheimhníonn an breathnóir go ndearnadh na hiontrálacha sa Logleabhar i gcomhréir leis na CEManna.
(3) 'Tá' má dheimhníonn an breathnóir gur tarchuireadh na tuarascálacha a cheanglaítear faoi Airteagal 13.12 agus 13.13 agus Airteagal 28.6 i gcomhréir leis na CEManna.
(4) 'Tá' má bhraitheann an breathnóir aon neamhchomhlíontacht fhéideartha leis na CEManna.
(5) Éigeantach más é seo an cás: 'LB' = 'Níl', nó 'HA' = 'Níl', nó 'AF' = 'Tá'.
(6) Ba cheart gabháil iasc róbheag a aischuireadh agus a thuairiscítear sa réimse US a chur san áireamh freisin sna cainníochtaí a shloinntear sa réimse maidir le hAischur (RJ).

(7) Scriostar pointe 46.